Comhairle Cathrach na Gaillimhe
Galway City Council

Halla na Cathrach, Bóthar an Choláiste, Gaillimh. H91 X4K8 •
City Hall, College Road, Galway. H91 X4K8
091-536400 • customerservice@galwaycity.ie
www.galwaycity.ie @GalwayCityCo
www.facebook.com/GalwayCityCouncil/

## An tAcht um Pleanáil agus Forbairt 2000 (Leasú)

**Iarratasóir:** Comhairle Cathrach na Gaillimhe – An Rannóg Tithíochta
**Seoladh an Láithreáin:** An Caorán, Bóthar Bhaile an Mhóinín, Gaillimh.
**An Fhorbairt mholta:** De bhun riachtanais Alt 177AE(4)(a) den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 (Leasú), tugtar fógra leis seo go bhfuil sé i gceist ag Comhairle Cathrach na Gaillimhe cead a lorg ó An Bord Pleanála chun an fhorbairt a leanas a dhéanamh ag An Caorán, Bóthar Bhaile an Mhóinín, Gaillimh.

**Cineál Forbartha atá i gceist:** Forbairt tithíocht shóisialta a thógáil ina bhfuil 71 aonad déanta suas as – 4 aonad seomra codlata amháin (1), 34 aonad 2-sheomra codlata, 22 aonad 3-sheomra codlata, 3 aonad 4-sheomra codlata, agus 8 aonad Cóiríocht Oiriúnach do Thaistealaithe, spásanna páirceála do ghluaisteáin agus do rothair, spásanna glasa & tírdhreachú, ceangal le seirbhísí reatha agus le hoibreacha coimhdeacha forbartha an láithreáin go léir.
Ullmhaíodh Ráiteas Tionchair Natura don fhorbairt mholta. Rinneadh Tuairisc Scagthástála Measúnacht Tionchair Timpeallachta maidir leis an bhforbairt mholta agus is é an cinneadh a rinneadh ná nach bhfuil gá le Measúnacht Tionchair Timpeallachta. D'fhéadfadh An Bord Pleanála cead a thabhairt don fhorbairt le coinníollacha nó gan iad nó d'fhéadfadh an Bord diúltú don fhobairt. Beidh pleananna agus sonraí na forbartha molta, mar aon leis an Ráiteas Tionchair Natura agus Tuairisc Scagthástála Measúnacht Tionchair Timpeallachta ar fáil chun scrúdú a dhéanamh orthu, saor in aisce, ag Comhairle Cathrach na Gaillimhe, Halla na Cathrach, Bóthar an Choláiste, H91 X4K8, idir 9:30 a.m. agus 1:00 p.m, (LE COINNE AMHÁIN) Luan go hAoine (seachas Laethanta Saoire Poiblí) ó Dé Luain 6 Meán Fómhair 2021 go dtí Dé Máirt 18 Deireadh Fómhair 2021. Is féidir cóip a cheannach ar tháille nach mó ná an costas réasúnta a ghabhann le cóip a dhéanamh.
Chun coinne a dhéanamh, téigh i dteagmháil leis an rannóg pleanála ar 091 536599 nó seol ríomhphost chuig planning@galwaycity.ie

Is féidir aighneachtaí agus tuairimí a dhéanamh maidir leis an bhforbairt mholta, má dhéantar í, a bhaineann le:
1. Impleachtaí na forbartha molta ar phleanáil cheart agus ar fhorbairt inmharthana an cheantair atá i gceist,
2. Na héifeachtaí is dócha a bheidh ag an bhforbairt mholta ar an timpeallacht, agus
3. Na héifeachtaí suntasacha is dócha a bheidh ag an bhforbairt mholta ar láithreán Eorpach
A chur in iúl i scríbhinn laistigh den tréimhse atá leagtha amach thuas go dtí An Bord Pleanála ag an seoladh a leanas: An Rúnaí, An Bord Pleanála, Sráid Mhaoilbhríde, Baile Átha Cliath 1

Dermot MahonnStiúrthóir Seirbhísí/C
Tithíocht, Comhshaol & Athrú Aeráide, Páirceanna & Fóillíocht
Dáta: an 2ú Meán Fómhair 2021

## Planning & Development Acts 2000 (as amended)

**Applicant:** Galway City Council – Housing Department
**Site Address:** Keeraun, Ballymoneen Road, Galway.
**Proposal:** Pursuant to the requirements of Section 177AE(4)(a) of the Planning and Development Act 2000 (as amended) notice is hereby given that Galway City Council proposes to seek approval from An Bord Pleanala to carry out the following development at Keeraun, Ballymoneen Road, Galway.

**Nature of Development:** To construct a social housing development of 71no. units comprising – 4no. 1-bedroom units, 34no. 2-bedroom units, 22no. 3-bedroom units, 3no. 4-bedroom units, and 8no. TAA (Traveller Appropriate Accommodation) units, associated carparking and bicycle parking, green spaces & landscaping, connection to existing services and all ancillary/enabling site development works.
A Natura Impact Statement has been prepared in respect of the proposed development. An Environmental Impact Assessment Screening Report has been undertaken in respect of the proposed development and concluded that an Environmental Impact Assessment Report is not required. An Bord Pleanála may give approval for the development with or without conditions or may refuse the application for development. Plans and particulars of the proposed development together with the Natura Impact Statement and Environmental Impact Assessment Screening Report will be available for inspection, free of charge, at Galway City Council, City Hall, College Road, H91 X4K8 between the hours of 9:30 a.m. and 1:00 p.m. (BY APPOINTMENT ONLY) from Monday to Friday (excluding Public Holidays) for a period from Monday 6th September 2021 to Monday 18th October 2021. A copy may be purchased at a fee not exceeding the reasonable cost of making a copy.
For appointments, please contact planning at 091 536599 or by email planning@galwaycity.ie

Submissions and observations with respect to the proposed development, if carried out, relating to:
1. The implications of the proposed development for proper planning and sustainable development in the area concerned,
2. The likely effects on the environment of the proposed development, and
3. The likely significant effects of the proposed development on a European site,
May be made in writing within the period specified above to An Bord Pleanála at the following address: The Secretary, An Bord Pleanála, 64 Marlborough Street, Dublin 1

Dermot Mahon A/Director of Services
Housing, Environment & Climate Change, Parks & Recreation
Dated this 2nd September 2021